# Gaelscoil Naomh Pádraig: Polasaí Iontrála

**Ainm na Scoile Seoladh na Scoile:** Gaelscoil Naomh Pádraig

**Seoladh na Scoile:** Bóthair an Chaisleáin Leamhcán, Contae Bhaile Átha Cliath

**Uimhir Rolla na Scoile:** 19940G

**Ríomhphost:** oifig.gsnp@gmail.com

**Suíomh Gréasáin:** www.gsnp.ie

**Fón na Scoile:** (01) 6241355

**Facs na Scoile:** (01) 6241301

**Patrún na Scoile:** An tArd Easpag Diarmuid Ó Fearghaíl

## 1. Reamhrá

Tá an polasaí clárúcháin seo á leagan amach ag an mBord Bainistíochta de réir riachtanais an Achta Oideachais 1998; Achta Oideachais (Ligean Isteach i scoileanna) 2018 agus Achta um Chomhionannas 2000-2004. Agus an polasaí seo á dhréachtú, chuaigh bord bainistíochta na scoile i gcomhairle le foireann na scoile, tuismitheoirí na scoile agus pátrún na scoile. Tá súil againn go mbeidh an polasaí seo mar chabhair do thuismitheoirí ó thaobh clárúcháin de. Beidh cathaoirleach an Bhoird Bhain- istíochta, Brian Ó Fiaich, agus an príomhoide, Liam Breathnach, lán sásta aon cheis- teanna a eascraíonn as an bpolasaí seo a shoiléiriú.

D'fhaomh an pátrún scoile am polasaí iontrála seo ar an 16ú lá de Mhí Dheireadh Fómhair 2020. Déantar an polasaí seo a hathbhreithniú go bliantiúl. Tá sé foilsithe ar shuíomh greasán na scoile agus cuirfear cóip chrua ar fáil d'aon duine a lorgaíonn é

Tá na dátaí agus na hamlínte ábhartha do pholasaí iontrála Ghaelscoil Naomh Pádraig leagtha amach san fhógra maidir le hiontráil bhliantiúl a fhoilsítear go bliantúil ar shuíomh greasán na scoile seachtain amháin ar a laighid roimh thús an phroísis iontrála don scoilbhliain lena mbaineann

Ní mór an polasaí seo a léamh i gcomhar leis an bhfógra maidir le hiontráil bhliantúil na Scoile don scoilbhliain lena mbaineann

Foilsítear an fhoirm iarratais I gcomhair iontrála ar shuíomh greasáin na scoile agus cuirfear cóip chrua di ar fáil d'aon duine a lorgaíonn í.

## 2. Spiorad Sainiúil agus cuspóirí ginearálta na scoile

### Scoil Chaitliceach

Is bunscoil caitliceach comh-oideachasiúl í Gaelscoil Naomh Pádraig le éiteas caitliceach faoi phátrúnacht an Ard-Easpaig Diarmuid Ó Fearghaíl.

An brí atá le 'éiteas caitliceach' i gcómhthéacs bunscoil caitliceach ná go bhfuil éiteas agus sainiúileacht na hEaglaise Caitliceach Rómhánaach curtha chun cinn trí: forbairt iomlán agus chomhchuí de gach gné de phearsa an pháiste: go h-intleachtúil, fisiciúil, cultúrthach, moráltach agus spioradáltach, maraon le gaol beo idir Dhia agus dhaoine eile. Múnlaíonn agus cuireann an scoil fealsúnach beatha atá spreagtha trí chreidiúint i nDia agus i mbeatha, i mbás agus in aiseirí Íosa Críost chun cinn.

Cuireann an scoil Chaitliceach teagasc críostaí ar fáil do na páistí de réir foirceadail, cleachtaí agus traidisiún na heaglaise Chaitliceach agus cuireann sí forbairt na bpáistí sa chreideamh Chaitliceach chun cinn.

Soláthraíonn Gaelscoil Naomh Pádraig oideachais reiligiúnach do dhaltaí na scoile I gcomhair le cleachtaí agus traidisiún na heaglaise Chaitliceach, agus an éiteas agus sainiúileacht a mholann an Comhdháil Easpaig Éireannach ó am go h-am.

I gcomhair le Alt 15 (2) (b) san Acht Oideachais, 1998, beidh sé de dhualgas ag Bord Bainistíochta Gaelscoil Naomh Pádraig spiorad sainiúil na scoile a choimeád agus a chosaint mar a sainmhínítear de réir luachanna agus traidisiúin cultúrtha, sóisialta, teangan agus spioradálta a threoraíonn na cuspóirí agus iompair na scoile.

## 3. Ráiteas maidir le hIontráil

Ní dhéanfaidh Gaelscoil Naomh Pádraig idirdhealú maidir le dalta a ligean isteach sa scoil ar bhonn aon ceann díobh seo a leanas:

(a) inscne an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann

(b) Stádas sibhialta an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann

(c) Stádas teaghlaigh an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann

(d) Gnéaschlaonadh an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann

(e) Reiligiún an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann

(f) Bunús mhíchumas an dalta an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann

(g) Cine an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann

(h) Dalta nó iarratasóir ó phoblacht an lucht súil i leith an dalta lena mbaineann

(i) Riachtanais speisialta oideachais a bheith an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann

De réir Alt 61 (3) den Acht Oideachais 1998, forléireofar 'forais stádais shibhialta', 'forais mhíchumais', 'leithcheal', 'foras stádas teaghlaigh', 'foras inscne', 'foras cine', 'foras reiligiúin', 'foras ghnéaschlaonta' agus 'foras pobail Taistil' de réir Alt 3 den Acht um Stádas Comhionann 2000.

**Scoileanna Sainchreidmheach Uilig:**

Is í ceann de na bun cuspóirí atá ag Gaelscoil Naomh Pádraig ná chun oideachais a chur ar fáil i suíomh a chuireann luachanna reiligiúnach chun cinn agus nach ndéanfar idirdhealú ar aon duine atá nó nach bhfuil aitheanta mar chaitliceach rómhánach, agus go gcothaítear go bhfuil an diúltiú tairiscint áite chun sochair éiteas na scoile a chaomhnú agus a choimeád amháin.

**Soláthar Oideachais do lean a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu:**

Comhoibreoidh Gaelscoil Naomh Pádraig leis an CNOS i gcomhlíonadh feidhmeanna na Comhairle faoin Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu 2004 maidir le soláthar oideachais do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, lena n-áirítear soláthar agus feidhmiú rang nó ranganna speisialta nuair a iarrann an Chomhairle a leithéid. Comhlíonfaidh Gaelscoil Naomh Pádraig le haon ordúchán a sheirbheálfar ar an mbord nó ar an bpátrún faoi alt 37A agus 67(4)(b).

**Scoil ina bhfuil Rang Oideachais Speisialta:**

Is scoil í Gaelscoil Naomh Pádraig a bhunaigh rang Neamhord ar Speictream an Uathachais (NSU), le ceadú an Aire Oideachais, a chuireann oideachas ar fáil go heisiach do dhaltaí a bhfuil catagóir nó catagóirí de riachtanais speisialta oideachais NSU acu atá sonraithe ag an Aire agus d'fhéadfadh sé go ndiúltófaí isteach sa rang do dhalta nach bhfuil an chatagóir riachtanas acu atá sonraithe.

## 4. Na catagóirí de Riachtanais Speisialta Oideachais a ndéantar freastal orthu sa scoil

Bhunaigh Gaelscoil Naomh Pádraig, le cead ón Aire Oideachais, **rang amháin** chun oideachas a chur ar fáil go heisiach do dhaltaí a bhfuil NSU acu.

i. Tosaíonn próiseas an ionrollaithe don Rang Speisialta a thacaíonn le páistí le NSU le fiosrúchán chuig an scoil – is féidir é seo a dhéanamh le glaoch guthán, le r-phost nó le cuairt ó thuismitheoirí/chaomhnóirí.

ii. Cuirfear an duine a dhéanann an fiosrúchán ar an eolas faoi stádas reatha ionrollaithe an Ranga Speisialta agus cuirfear i dtreo an Pholasaí Iontrála seo ar shuíomh na scoile iad.

iii. Má théann an t-iarratas ar aghaidh, cuirfear an t-iarratas (dáta an iarratais, dáta breithe, seoladh, uimhir ghutháin agus seoladh ríomhphost) i gCód na nIarratas in oifig na scoile.

iv. Ní ghlacfar le hiarratais ach amháin ar bhonn Tuairisc Shíceolaíochta nó Dhiagnóiseach – diagnóis an Uathachais a chomhlíonann na critéir de réir DSM IV/V nó ICT-10. Is do gach dalta a chomhlíonann na critéir dhiagnóiseacha seo an rang speisialta seo, beag beann ar a gcumas cognaíoch.

v. Déanfaidh an Fhoireann Iontrála an t-iarratas a mheas (Príomhoide, Leasphríomhoide, Múinteoir an Ranga Spesialta) le cinntiú go gcomhlíonann an t-iarratas na critéir iarratais de réir an pholasaí seo.

vi. Nuair atá an próiseas seo críochnaithe, bíonn áit ag an iarrthóir ar liosta na n-iarrthóirí. Tá an liosta seo bunaithe ar na critéir iontrála mar atá leagtha amach ag Pointe 6 thíos.

vii. Nuair atá áit ar fáil, líonfaidh na tuismitheoirí/caomhnóirí agus an príomhoide an 'Notification to NCSE of enrolment in a special class'. Seo an Fhoirm 7 atá ar fáil ag www.ncse.ie

viii. Líontar Foirm Iarratais na scoile ar an Lá Ionrolluithe do pháistí a bhfuil áit sa Rang Speisialta faighte acu.

ix. Déanfaidh Foireann Iontrála an Ranga Speisialta athbhreithniú bhliantúil ar Shocrúchán gach páiste ag deireadh gach bliana chun oiriúnacht an tsuímh a mheas. D'fhéadfaí go n-aistreofaí páiste amach as an rang speisialta má shíleann Foireann Iontrála an Ranga Speisialta nach bhfuil an suíomh sin oiriúnach a thuilleadh.

Caithfidh gach páiste atá ag cur isteach ar áit sa rang NSU na tuairiscí cuí, a luaitear ag Point iv. thuas, a chur ar fáil leis an iarratas a shonraíonn go moltar go bhfreastalódh an páiste ar rang NSU. Ní bheidh ionrollú ar fáil don rang seo ach amháin do pháistí a bhfuil na tuairiscí agus na moltaí a luaitear ag Pointe iv. thuas, a mbeidh sé ar a gcumas acu, leis na tacaíochtaí atá ag faoi6il i Gaelscoil Naomh Padraig, imeascadh le rang príomhshrutha go pointe áirithe ar a laghad.

**Sa chás go bhfuil ró-éileamh ar an rang NSU, déanfaidh an scoil na critéir roghnaithe a leanas a chur i bhfeidhm san ord ina bhfuil siad thíos maidir leis na hiarratais a fhaightear laistigh den amlíne chun iarratais a fháil mar atá leagtha amach i bhfógra iontrála bliantúil na scoile agus na hiarratais ar chead isteach á gcinneadh aici.**

Is mar seo a chuirfear na hiarrthóirí in ord:

1. Páistí reatha na scoile a bhfuil tuairisc dhiagnóiseach nó shíceolaíoch acu mar a luaitear ag iv. thuas

2. Siblíní nó leas-siblíní* na ndaltaí atá ag freastal ar an scoil faoi láthair agus páistí atá ina gcónaí sna paróistí (Paróistí: Paróiste na Trócaire, Leamhcán; Paróiste Naomh Mhuire, Leamhcán; Paróiste Naomh Pádraig, Leamhcán; Paróiste Naomh Philomena, Baile Phámar)

3. Páistí múinteoirí scoile agus daoine atá fostaithe go buan ag Bord Bainistíochta na scoile (is cuma cén ceantair as a dtagann siad).

4. Páistí, a bhfuil tuairsisc dhiagnóiseach nó shíceolaíoch acu mar a luaitear ag iv. thuas, agus gur deimhin leis an scoil gur ghnóthaigh an dalta leibhéal líofachta sa Ghaeilge agus gur dócha go rachadh an líofacht sin ar gcúl mura ligfí isteach i scoil lán-Ghaeilge é/í.**

5. Páistí, a bhfuil tuairsisc dhiagnóiseach nó shíceolaíoch acu mar a luaitear ag iv. thuas, agus a bhfuil cumas Gaeilge acu ar leibhéal a ligfeadh don pháiste feidhmiú agus foghlaim sa rang agus nach mbeadh ar dhaltaí eile iompú ar an mBéarla chun cumarsáid a dhéanamh. Beidh ar an tuismitheoir/caomhnóir fianaise den chaighdeán seo a chur ar fáil. Is ag an mbord bainistíochta a bheidh an cinneadh faoin gcumas seo feidhmiú trí mheán na Gaeilge sna cásanna seo

6. Sa chás go bhfuil beirt iarrthóirí nó níos mó ceangailte le haghaidh áite nó áiteanna in aon cheann de na catagóirí critéir roghnúcháin thuas (agus Iíon na n-iarratasóirí níos mó ná líon na n-áiteanna atá fágtha), tabharfar áit don dalta is sine eatarthu.

*Deartháireacha, deirfiúracha, leas-siblíní, páistí altramaigh nó uchtaithe.

**Beidh an dualgas iomlán ar thuismitheoirí/chaomhnóirí fianaise leordhóthanach a chur ar fáil chun leibhéal líofachta sa Ghaeilge a léiriú don bhord. Féach eolas breise sa cháipéis ábhartha atá ar fáil ón scoil.

- Is iad an múinteoir ranga agus an fhoireann Oideachais Speisialta a fhreastalaíonn ar pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

- Tabharfar achmhainní do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta acu agus atá ag clárú do Ghaelscoil Naomh Pádraig de réir an leibhéal achmhainní a sholáthraíonn (cheadaíonn) an Roinn Oideachais agus Scileanna. Más rud é nach bhfuil a dhóthain achmhainní ag an scoil ag am ar leith, déanfar príoreacht freastal ar na páistí leis na riachtanais is tromchúisí.

- Nuair a ghlactar le páiste sa scoil, féadfaidh an bord bainistíochta cóip de thuairisc leighis/ tuairisc shiceolaíochta an pháiste a iarraidh nó féadfaidh an scoil iarratas a dhéanamh go ndéanfaí measúnú ar an bpáiste láithreach a bheadh ina chabhair don scoil riachtanais oideachais an pháiste agus na seirbhís tacaíochta a bheadh de dhíth a mheas. Déanfaidh an boird bainistíochta a dhícheall na hachmhainní agus tacaíochta a bheith i bhfeidhm sula bhfreastalóidh an páiste ar an scoil. Áirítear leis seo, múinteoir ar cuairt, múinteoir oideachais speisialta, cuntóirí riachtanais speisialta, saintrealamh nó troscán speisialta, seirbhísí taistil srl. Tionólfar cruinniú le húdaráis na scoile agus tuismitheoirí an pháiste a bhfuil riachtanais speisialta aige/aici agus pléifear oiriúnacht na scoile don pháiste. D'fhéadfadh cáschruinniú a eagrú ina bhfreastalódh tuismitheoirí, múinteoir ranga, múinteoir oideachais speisialta, siceolaí nó oibrithe sóisialta de réir mar is cuí

## 5. Daltaí a ligean isteach

Ligfidh an scoil seo isteach gach dalta atá ag lorg iontrála ach amháin sna cásanna seo a leanas:

(a) I gcás ina bhfuil níos mó iarratais ag lorg áit ná áiteanna ar fáil (féach **alt 6** thíos le haghaidh tuilleadh sonraí)

(b) I gcás go dteipeann ar thuismitheoir dalta, nuair a éilíonn an Príomhoide é de réir alt 23(4) den Acht Oideachais (Leas) 2000, a dhearbhú i scríbhinn go bhfuil cód iompair na scoile inghlactha dó/ di agus go ndéanfaidh sé/sí gach iarracht réasú- nach lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an dalta leis na rialacha atá leagtha síos sa chód iompair.

Soláthraíonn an rang speisialta I nGaelscoil Naomh Pádraig oideachas do dhaltaí a bhfuil NSU go heisiach agus féadfaidh an scoil cead isteach a dhiúltú don rang sin, i gcás nach bhfuil an chatagóir shonraithe de riachtanais speisialta oideachais ag an dalta atá i gceist dá bhforáiltear sa rang sin.

**Scoileanna Sainchreidmheach Uilig:**

Is scoil caitliceach í Gaelscoil Naomh Pádraig agus féadfar go ndiúltófar áit a thairiscint do scoláire/ duine nach bhfuil aitheanta leis an reiligiún caitliceach rómhá- nach, i gcúinsí ina gcothaítear go bhfuil sé riachtanach chun éiteas na scoile a chaomhnú agus a choimeád.

## 6. Éileamh *(nuair a mbíonn níos mó iarratasóirí ná áiteanna ar fáil)*

Sa chás go bhfuil éileamh ró-mhór ar an scoil, déanfaidh an scoil na critéir roghnaithe a leanas a chur i bhfeidhm san ord ina bhfuil siad leagtha amach thíos, maidir leis na hiarratais a fhaightear laistigh den tréimhse ama a ghlactar le hiarratais mar atá socraithe i bhfógra iontrála na scoile agus na hiarratais ar chead isteach á gcinneadh aici.

**Critéir Iontrála:**

• Glactar le páistí a chónaíonn i Leamhcán agus Baile Phámar i dtosach báire agus a bhfuil cónaí orthu sna paróistí thíos (féach ar **Agúisín 1** chun teorainn na bparóistí a dheimhniú):

Paróiste na Trócaire, Leamhcán
Paróiste Naomh Mhuire, Leamhcán
Paróiste Naomh Pádraig, Leamhcán
Paróiste Naomh Philomena, Baile Phámar

**Na critéir roghnúcháin (na catagóir) -** *I ngach cás ar na critéir thíos, tugtar tús áite don pháiste is sine má tá níos mó iarrathóirí ná spásanna le n-ofráil:*

1. Siblíní nó leas-siblíní na ndaltaí atá ag freastal ar an scoil faoi láthair agus páistí atá ina gcónaí sna paróistí (Paróistí: Paróiste na Trócaire, Leamhcán; Paróiste Naomh Mhuire, Leamhcán; Paróiste Naomh Pádraig, Leamhcán; Paróiste Naomh Philomena, Baile Phámar)

2. Páistí múinteoirí scoile agus daoine atá fostaithe go buan ag Bord Bainistíochta na scoile (is cuma cén ceantair as a dtagann siad).

3. Páistí gur deimhin leis an scoil gur ghnóthaigh an dalta leibhéal líofachta sa Ghaeilge agus gur dhócha go rachadh an líofacht sin ar gcúl mura ligfí isteach i scoil lán-Ghaeilge é/í. Tiocfar ar an gcinneadh seo tríd cruinniú neamhfhoirmiúil a eagrú le tuismitheoir an pháiste agus an páiste féin i láthair.

4. Páistí eile nach bhfuil ina gcónaí sa scoil cheantair (Paróistí: Paróiste na Trócaire, Leamhcán; Paróiste Naomh Mhuire, Leamhcán; Paróiste Naomh Pádraig, Leamhcán; Paróiste Naomh Philomena, Baile Phámar)
Sa chás go mbíonn níos mó iarratasóirí ná spásanna in aon chatagóir thuas:

- tabharfar tús áite do pháistí sa chatagóir faoi chaibidil in ord aoise ag tosnú leis an bpáiste is sine.

- Sa chás ina bhfuil dhá iarratasóir nó níos mó leis an dáta breithe céanna, eagrófar 'tarraingt' chun an duine a bheidh i dteideal an tairiscint áite a dheimhniú. Beidh duine neamhspléach de dhíth don tarraingt seo (ní bheidh cathaoirleach an bhoird bainteach le seo).

## 7. An méid nach mbreathneofar ná nach gcuirfear san áireamh

De réir alt 62(7)(e) den Acht Oideachais 1998, ní dhéanfaidh an scoil aon cheann díobh seo a leanas a bhreithniú ná a chur san áireamh agus iarratas ar chead isteach á gcinneadh nó nuair a bhíonn dalta á chur ar liosta feithimh le haghaidh iontrála sa scoil

(a) freastal roimhré ag dalta ar réamhscoil nó ar sheirbhís réamhscoile, lena n-áirítear naíonraí

(b) Íocaíocht táillí nó ranníocaíochtaí (cibé saí a dtuairiscítear é) leis an scoil

(c) cumas, scileanna nó inniúlacht acadúil an dalta seachas: ligean isteach i scoil Ghaeilge, de réir forálacha alt 62(9) den Acht. Is gá fianaise a sholáthair leis an iarratas ag tacú le caighdeán Gaeilge ag an iarrthóir.

(d) Gairm, stádas airgeadais, cuma acadúil, scileanna nó inniúlacht tuismitheorí dalta

(e) Ceanglais go bhfreastalóidh dalta nó a thuismitheoirí ar agallamh, lá oscailte nó cruinniú eile mar choinníoll iontrála

(f) Ceangail dalta leis an scoil de bhua duine dá t(h)eaghlach nó dá teaghlach ag freastal ar an scoil nó a bhí ag freastal ar an scoil roimhe sin: seachas (1) deartháireacha nó deirfiúracha dalta a fhreastalaíonn ar an scoil nó a d'fhreastail ar an scoil agus nó (2) tuismitheoirí nó seantuismitheoirí dalta a d'fhreastail ar an scoil

(g) An dáta agus an t-am ar ghlac an scoil le hiarratas iontrála

Tá sé sin faoi réir an iarratais a bheith faighte ag am ar bith le linn tréimhse a shonraítear chun iarratais a fháil mar atá leagtha amach i bhfógra iontrála bliantúil na scoile don scoilbhliain lena mbaineann.
Tá sé sin faoi réir fresin ag an scoil tairiscintí a dhéanamh. Bunaithe ar liostaí feithimh reatha (suas go dtí Mí Eanáir 2025 amháin)

## 8. Cinntí ar iarratais

Beidh na cinntí go léir maidir le hiarratais ar iontráil chuig Gaelscoil Naomh Pádraig bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- Polasaí Iontrála na scoile
- Fógra iontrála bliantúil na scoile (nuair is cuí)
- An fháisnéis a chuir an t-iarratasóir ar fáil i bhfoirm iarratais oifigúil na scoile a glacadh leis le linn na tréimhse atá socraithe inár bhfógra iontrála bliantúil chun glacadh le h-iarratas.

(Féach **alt 14** thíos maidir le hiarratais a fhaightear lasmuigh den tréimhse iontrála agus **alt 15** thíos maidir le hiarratais ar áiteanna i mblianta seachas an grúpa ligthe isteach)
Ní úsáidfesar critéir roghnúcháin nach n-áirítear inár bpolasaí iontrála scoile chun cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratais ar áit inár scoil.

## 9. Cinntí a chur in iúl d'iarratasóirí

Cuirfear iarratasóirí ar an eolas i scríbhinn maidir le cinneadh na scoile, laistigh den tréimhse ama atá leagtha síos san fhógra bliantúil iontrála
Mura n-ofráiltear áit do dhalta inár scoil, cuirfear na cúiseanna nár ofráileadh áit dó/di ar fáil i scríbhinn don iarratasóir, lena n-áirítear, nuair is infheidhme, sonraí maidir le rangú an dalta i gcoinne na critéir roghnúcháin agus na sonraí faoi áit an dalta ar an liosta feithimh don scoilbhliain lena mbaineann.
Cuirfear iarratasóirí ar an eolas faoin gceart chun athbhreithniú/ceart achomhairc a lorg maidir le cinneadh na scoile (féach **alt 18** thíos le haghaidh tuilleadh sonraí)

## 10. Glacadh le tairiscint áite ag iarratasóir

Agus tairiscint iontrála á nglacadh agat ó Ghaelscoil Naomh Pádraig, ní mór duit an méid a leanas a léiriú:

(x) cé acu an bhfuil nó nach bhfuil glactha agat le tairiscint iontrála ar scoil nó ar scoileanna eile. Má ghlac tú le tairiscint den sórt sin, ní mór duit sonraí tairisceana nó na dtairiscintí lena mbaineann a chur ar fáil freisin.

(xi) cé acu an bhfuil iarratas déanta agat ar thairiscint iontrála ó scoil nó scoileanna eile nó cé acu a bhfuil tú ag feitheamh lena dheimhniú, agus má tá, ní mór duit sonraí na scoile nó scoileanna eile lena mbaineanna a nochtadh/lua

## 11. Cúinsí nach féidir tairiscintí a dhéanamh ina leith nó a tharraingt siar

Ní féidir le Gaelscoil Naomh Pádraig tairiscint iontrála a dhéanamh ná a tharraingt siar sna cásanna seo a leanas:

- (i) Déantar amach go bhfuil fáisnéis atá san iarratas bréagach nó míthreorach
- (ii) Teipeann ar iarratasóir glacadh le tairiscint iontrála ar nó roimh an dáta atá leagtha amach i bhfógra bliantúil na scoile
- (iii) Má theipeann ar thuismitheoir an dalta, nuair a éilíonn an príomhoide é de réir alt 23(4) den Acht Oideachais (leas) 2000, a dhearbhú i scríbhinn go bhfuil cód iompair na scoile inghlactha dó/di agus go ndéanfaidh sé/sí iarracht réasúnta lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an dalta leis an gcód iompair
- (iv) Teipeann ar iarratasóir riachtanais a chomhlíonadh chun ‘glacadh le tairiscint’ mar atá leagtha síos in **alt 10** thuas.

## 12. Sonraí a roinnt le scoileanna eile

De réir Alt 66(6) den Acht Oideachais (Iontráil Scoileanna) 2018, ba chóir d’iarratasóirí a bheith feasach go gceadaítear comhroinnt sonraí idir scoileanna d’fhonn iontráil éifeachtach daltaí a éascú

De réir Alt 66(6), tá cead ag scoileanna na sonraí seo a leanas a bhainfeadh le dalta, a roinnt le pátrún nó bord bainistíochta eile:

- Go bhfuil iarratas curtha isteach ar iarratasóir ag lorg áit sa scoil
- Go bhfuil an t-iarratasóir tar éis tairiscint áite a fháil, nó
- Gur ghlac an t-iarratasóir le tairiscint áite

D’fhéadfadh aonrud ón liosta thíos a bheith san áireamh:

- An dáta a ghlac an scoil le foirm iarratais ó iarratasóir

- An dáta a thug an scoil tairiscint áite don iarratasóir
- An dáta a ghlac an t-iarratasóir leis an tairiscint áite
- Sonraí pearsanta an iarratasóra, mar shampla: ainm, seoladh, dáta breithe agus uimhir PPS (laistigh den míniú atá i gceist le Alt 262 *Social Wefare Consolidation Act 2005*)

## 13. Liosta Feithimh (I gcásanna nuair atá níos mó iarratasóir ná áiteanna)

I gcás go mbeidh níos mó iarratais ar an scoilbhliain lena mbaineann ná na háiteanna atá ar fáil, tiomsófar liosta feithimh de dhaltaí nár éirigh lena n-iarratas ar iontráil chuig Gaelscoil Naomh Pádraig mar gheall ar éileamh ro-mhór ar an scoil agus beidh siad bailí don scoilbhliain ina bhfuil cead isteach a lorg.

Tá socrúchán ar liosta feithimh Ghaelscoil Naomh Pádraig san ord tosaíochta a shanntar d'iarratais na ndaltaí tar éis don scoil na critéir roghnúcháin a chur i bhfeidhm de réir an pholasaí iontrála seo.

Déanfar tairiscintí maidir le haon áiteanna ina dhiaidh sin a bheidh ar fáil don scoilbh- liain agus lena linn a bhfuil cead isteach á lorg ina leith maidir leis na daltaí sin ar an liosta feithimh, de réir ord tosaíochta ar cuireadh na daltaí ar an liosta

## 14. Iarratais Déanacha

Breithneofar agus déanfar cinneadh ar gach iarratas ar chead isteach a fhaightear tar éis an dáta deiridh mar atá leagtha amach san fhógra bliantúil de réir pholasaí iontrála Ghaelscoil Naomh Padraig, de réir Achta um Ligean Isteach i Scoileanna 2018 agus de réir aon rialacháin a rinneadh faoin Acht sin.

Cuirfear iarratasóirí a sheol an fhoirm iarratais isteach déanach, ar an eolas i scríbhinn maidir le cinneadh na scoile, laistigh de thrí sheachtain. Déanfar tairiscintí áite má tá áit ar fáil sa scoil. Muna bhfuil aon áit ar fáil sa scoil, cuirfear ainm an iarratasóra ar liosta feithimh mar atá socraithe in **Alt 13.**

## 15. Nósanna Imeachta maidir le daltaí a ligean isteach i mblianta eile agus le linn na scoilbhliana

Seo a leanas nósanna imeachta na scoile maidir le daltaí a ligean isteach nach bhfuil glactha isteach sa scoil cheana féin chuig ranganna nó blianta seachas grúpa iontrála na scoile

**agus**

Is iad a leanas nósanna imeachta na scoile maidir le daltaí a ligean isteach nach bhfuil glactha isteach i scoil cheana féin, tar éis tús na scoilbhliana ina lorgaítear an cead isteach:

**Ag Aistriú Scoileanna - An Próiséis** (Ranganna Naíonáin Shóisearacha - Rang a 6)

Seo a leanas nósanna imeachta na scoile maidir le daltaí a ligean isteach nach bhfuil- glactha isteach sa scoil cheana féin chuig ranganna nó blianta seachas grúpa iontrála na scoile ag tús na scoilbhliana:

Is gá do thuismitheoirí/caomhnóirí ar mian leo iarratas a dhéanamh ar áit in aon rang seachas Naíonáin Shóisearacha, litir iarratais a scríobh chuig Cathaoirleach an Bhoird. Is é an Bord Bainistíochta a dhéanfaidh an cinneadh faoi pháistí a ghlacadh in aon rang eile agus is faoin mBord amháin atá an cinneadh seo.

Leagfaidh an Bord amach go bliantúil an t-uasmhéid a ghlactar leo i ngach rang ghrúpa de réir riachtanais na scoile.

***Naíonáin Shinsearacha/Rang 6***

Tabharfar áit má tá áit ar fáil sna ranganna seo a leanas: Naíonáin Shinsearacha go Rang 6.

Clárófar páistí I ranganna, fad is atá áit ar fáil sa rang cuí agus go bhfuil Gaeilge ón mbaile ag an bpáiste nó gur ó Ghaelscoil atá sé/sí ag aistriú. Munar as Gaelscoil atá an páiste ag aistriú, eagróidh an príomhoide agus/nó an t-oide ranga cruinniú neamhfhoirmiúil leis an dtuismitheoir in éineacht leis an bpáiste, le chinntiú go mbíonn iontráil an pháiste chun sochair oideachasúil an pháiste agus chun sochair páistí na scoile. Chuige seo, tógfaidh Gaelscoil Naomh Pádraig na riachtanais atá i rang ar leith san áireamh sula n-ofráiltear aon áit.

Sa chás go sáraíonn líon na n-iarratas líon na n-áiteanna atá ar fáil sa rang ábhartha, cuirfidh an scoil na critéir roghnúcháin atá leagtha amach i Roinn 6 den bheartas seo i bhfeidhm ar na hiarratais sin. Sa chás nach bhfuil aon áit ar fáil, cuirfear ainm an pháiste ar an liosta feithimh de réir Alt 13 den bheartas seo.

## 16. Dearbhú maidir le gan táillí a ghearradh

Ní ghearrfaidh Bord Ghaelscoil Naomh Pádraig ná aon duine a ghníomhaíonn thar a cheann táillí ar íocaíocht nó ní lorgóidh sé/sí íocaíocht ná ranníocaíocht (cibé slí a dtuairiscítear) mar choinníoll de:

(a) iarratas ar dhalta a ligean isteach sa scoil,

**nó**

(b) iontráil nó clarú leanúnach dalta sa scoil

## 17. Socruithe maidir le daltaí nach bhfreastalaíonn ar theagasc reiligiúnach

Seo a leanas socruithe na scoile do dhaltaí, sa chás gur iarr na tuismitheoirí nó scoláire atá aois 18 bliana d'aois bainte amach aige/aici;
go bhfreastalódh an dalta ar an scoil gan freastal ar theagasc reiligiúnach sa scoil. Ní bheidh laighdiú ar lá scoile na ndaltaí seo mar thoradh ar na socraithe sin.

Ní mór do thuismitheoir a chur i scríbhinn chuig Príomhoide na scoile nach bhfreast- alódh a bpáiste nó a bpáistí ar ranganna reiligiúin nó searmanais eaglaise. Eagrófar cruinniú leis na tuismitheoirí nó an scoláire (más bainteach) agus déanfar plé ar na féidireachtaí eile oideachasúla don pháiste le linn na dtréimhsí sin.

## 18. An ceart chun athbhreithniú/achomhairc

**Athbhreithniú ar chinntí an Bhoird Bainistíochta**

Féadfaidh tuismitheoir mac léinn, nó I gás mac léinn a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige/aici, iarraidh ar an mbord athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh áit sa scoil a dhiúltiú. Ní mór iarratais den gcineál sin a dhéanamh de réir Alt 29C den Acht Oideachais 1998.

Tá an tréimhse ama ina gcaithfear athbhreithniú den gcineál seo a iarraidh agus na ceanglais eile maidir le hathbhreithnithe den gcineál sin leagtha síos sna nósanna imeachta arna gcinneadh ag an Aire faoi Alt 29B den Acht Oideachais1998 atá foilsithe ar suíomh greasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna

Déanfaidh an Bord athbhreithniú den gcineál sin de réir na nósanna imeachta a ri- alaítear faoi Alt 29B i gcomhair le hAlt 29C den Acht Oideachais 1998.

**Tabhair faoi deara:** sa chás gur diúltíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar éileamh ró- mhór: níos mó iarratais ar áiteanna ar fáil sa scoil, ní mór don iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh sin** a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi Alt 29 den Acht Oideachaius 1998.

Sa chás gur diúltíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chúis seachas éileamh ró-mhór ar áiteanna ar fáil sa scoil, féadfaidh an t-iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta athbhreithniú ar an gcinneadh sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998.

**Ceart Achomhairc**

Faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998, féadfaidh tuismitheoir nó mac léinn, nó i gcás go bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige/aici, féadfaidh sé/sí achomharc a dhéanamh ar chinneadh na scoile seo áit sa scoil a dhiúltiú

Is féidir achomharc a dhéanamh faoi Alt 29 (1)(c)(i) den Acht Oideachais 1998 sa chás gur diúltíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar cúiseanna éilimh ar áiteanna sa scoil.

Is féidir achomharc a dhéanamh faoi Alt 29 (1)(c)(i) den Acht Oideachais 1998 sa chás gur diúltíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chúis seachas cúiseanna éilimh ar áiteanna sa scoil.

Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar cúiseanna éilimh ar áiteanna sa scoil, **ní mór** don iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh **roimh achomharc a dhéanamh** faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998 (féach athbhreithniú ar chianti an Bhoird Bainistíochta)

Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chás seachas cúiseanna éilimh ar áiteanna sa scoil, féadfaidh an t- iarratasóir iarraidh ar an mbord bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh **roimh achomharc a dhéanamh** faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998 (féach athbhreithniú ar chianti an Bhoird Bain- istíochta)

Déanfar achomharc faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998 a théas chun chinneadh ag coiste neamhspleách achomhairc arna cheapadh ag an Aire Oideachais agus Scilean- na.

Tá an tréimhse ama ina gcaithfear achomharc den gcineál sin a iarraidh agus na ceanglian a bhaineann maidir le hachomharc den gcineál sin leagtha síos sna nósanna imeachta arna gcinneadh ag an Aire faoi Alt 29B den Acht Oideachais 1998 atá foilsithe ar suíomh greasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna

## 19. Cumarsáid


Tá an polasaí seo ar fáil d'iarrthóirí nua ó oifig na scoile **nó** ar suíomh gréasáin na scoile www.gsnp.ie .
Tugtar faoi ghnó na scoile a reachtáil trí mheáin na Gaeilge i gcónaí. 'Sí an Gaeilge módh cumarsáide an Bord Bainistíochta. Déantar athbhreithniú agus faomhadh ar pholasaithe na scoile tré mheán na Gaeilge. Is aistriúcháin í an leagan Béarla, darbh teideal 'Enrolment Policy' ón leagan Gaeilge den polasaí darbh teideal 'Polasaí Ion- trála'. Ar eagla go mbeadh comhartha ceiste nó mí-thuiscint idir an leagan Béarla agus an leagan Gaeilge den Polasaí Iontrála, úsáidfear an leagan Gaeilge mar an bun pholasaí mar phointe thagartha i gcónaí.

## 20. Athbhreithniú

Déanfaidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú rialta ar an bpolasaí seo go bliaintiúil.

## 21. Daingniú

Rinneadh athbhreithniú ar an bpolasaí i rith na scoilbliana **2023/24**. Ghlac an Bord Bainistíochta leis an bpolasaí athbhreithnithe ar an **23/04/24.**



Síniú an Chathaoirligh:


Dáta: **23/04/24**

# Agúisín 1: Teorainn Paróiste

Lucan South Parish | Archdiocese of Dublin




Palmerstown Parish | Archdiocese of Dublin




Ordnance Survey Ireland Permit No. 8649

Lucan Parish

Archdiocese of Dublin




Esker - Dodsboro - Adamstown Parish

Archdiocese of Dublin

